SPU
An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

EAGRÁN 9:
MEITHEAMH/LÚNASA 2018

# Nuachtlitir Sholáthair

## Uasdátuithe Fuinnimh ÚFIÉ, Lún-M. Fómh. 2018

Tugann an clár Fuinneamh san Oideachas raon de thacaíochtaí a d'fhorbair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a dearadh chun cabhrú le scoileanna cleachtais bainistithe fuinnimh a fheabhsú, costais oibriúcháin na scoileanna a laghdú agus an timpeallacht a chosaint.

energy in education
www.energyineducation.ie

## Ceardlanna Bainistithe Fuinnimh Saor in Aisce

Spéis agat i gcostais fuinnimh do scoile a laghdú? Cláraigh inniu do chúrsa oiliúna saor in aisce ar Bhainistiú Fuinnimh. Le linn **dhá cheardlann leathlae**, beidh deis ag rannpháirtithe líonrú agus a gcuid eolais agus eispéireas a roinnt le scoileanna eile agus bíonn teacht acu ar raon acmhainní, uirlisí ar líne agus ar chomhairle ó shaineolaithe. Is féidir le scoileanna a fhreastalaíonn ar chúrsaí iarratas a chur isteach ar sheirbhís Comhairleora Fuinnimh (ag brath ar chaiteachas ar fhuinneamh), a chuimsíonn comhairliúchán agus tuairisc ina n-aithnítear deiseanna fuinneamh a shábháil, agus ina dhiaidh sin trí mhí de mheantóireacht chun an plean sábhála a chur i bhfeidhm.

**Le haghaidh tuilleadh eolais nó chun áit a chur in áirithe, déan teagmháil le energyineducation@seai.ie**

| Láthair | Chéad Cheardlainne | Dara Ceardlann | Am |
|---|---|---|---|
| An tIonad Oideachais, Trá Lí | 23 Deireadh Fómhair | 27 Samhain | 10am-1pm |
| Ionad Oideachais Dhroim Conrach | 24 Deireadh Fómhair | 28 Samhain | 10am-1pm |
| Ionad Oideachais Dhún na nGall | Ionad le deimhniú | Ionad le deimhniú | 4pm-7pm |
| Ionad Oideachais Loch Garman | 25 Deireadh Fómhair | 29 Samhain | 4pm-7pm |
| Ionad Oideachais an Chláir | 24 Deireadh Fómhair | 28 Samhain | 4pm-7pm |
| Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí | Ionad le deimhniú | Ionad le deimhniú | 4pm-7pm |

## Leideanna Fuinnimh

Agus an Fómhar ag teannadh linn is féidir leat do chostais fuinnimh a laghdú ach an leas is fearr a bhaint as solas nádúrtha an lae agus gan dearmad a dhéanamh ar na soilse a mhúchadh i seomraí nach bhfuil in úsáid:

- Múch na soilse nuair is leor solas an lae, go háirithe an tsraith soilse is gaire do na fuinneoga.
- Bí gníomhach le dallóga fuinneoige a úsáid chun an leas is fearr a fáil ó sholas an lae agus chun dallrú a rialú.
- Cuireann soilse seachtracha a fhágtar ar siúl i rith an lae agus na hoíche fuinneamh amú. Bain úsáid as cloig ama chun soilse a chasadh, bí cinnte iad a athrú nuair a athraítear na cloig. Léigh tuilleadh

Tá a thuilleadh leideanna faoi conas fuinneamh agus airgead a shábháil i do scoil ag **www.energyineducation.ie**

Tá acmhainní múinteoireachta agus ceardlanna do dhaltaí le fáil ag **www.seai.ie/teaching-sustainability**

Cláraigh do r-iris scoile Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann **anseo** agus coinnigh suas chun dáta maidir le hacmhainní agus tacaíochtaí don mhúineadh faoi fhuinneamh agus inbhuanaitheacht ar scoil.

## San Eagrán Seo


- Beart Leictreachais do Scoileanna
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann - Fuinneamh san Oideachas
- Féachaint níos grinne ar chreat stáiseanóireachta na hOifige um Sholáthar Rialtais ó thaobh na Scoileanna de
- Ríomhairí Deisce agus Glúine do Scoileanna - an méid a deir na soláthraithe
- Socruithe nua chun gairis Apple a fhoinsiú
- Earraí agus seirbhísí ar fáil le hÍostarraingt Dhíreach ó Bhainistíocht Saoráidí
- Na teistiméireachtaí is déanaí


**Is mian leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna gach rath a ghuí ar na scoileanna uile don scoilbhliain atá amach romhainn. Tá foireann an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna ag tnúth go mór le leanúint lenár seirbhís comhairle agus tacaíochta a chur ar fáil do do scoil i dtaca le gach a mbaineann le cúrsaí soláthair i rith 2018/19.**

## Soláthar Leictreachais do Scoileanna

Is ar an 1 Bealtaine a cuireadh tús leis an gconradh is déanaí le Energia i leith an tsoláthair leictreachais do scoileanna. 2018 agus mairfidh sé ar feadh 36 mhí. Tá sé tábhachtach a thuiscint má tá do scoil lasmuigh de bheart na hOifige um Sholáthar Rialtais, nó mura bhfuil an scoil clúdaithe faoi chonradh ar théarma seasta foirmeálta le ceann de na cuideachtaí Soláthair Leictreachais, is é is dóichí ná go bhfuil ráta réamhshocraithe á ghearradh ar do scoil, agus beidh an ráta sin níos airde ná mar a bheadh laistigh de bheart na hOifige um Sholáthar an Rialtais. Má theastaíonn uait do scoil a chur le beart leictreachais na hOifige um Sholáthar an Rialtais, déan teagmháil le deasc chabhrach na hOifige ag 076 100 8000 nó cuir ríomhphost chucu ag **support@ogp.gov.ie** dul i mbun an phróisis clárúcháin.




# An creat nua maidir le soláthairtí stáiseanóireachta agus oifige

## Céard iad na táirgí agus cén chaoi ar féidir linn rochtain air?

Seo a leanas na táirgí (de réir catagóire) a sholáthraítear faoin gconradh seo:

| Catagóir | Réimse táirgí |
|---|---|
| **Greamacháin** | Maidí gliú, Greamachán spraeála, Téip, Crúca agus Lúb fabraice |
| **Leabhair agus bloic** | Leabhair lámhscríbhinne, Bloic meabhráin, Leabhair nótaí, Bloic athlíonta |
| **Oiriúintí deisce** | Mála cáipéisí, cás CD/DVD, Tralaí cliathbhoscaí infhillte, Mála droma do ríomhaire glúine, Tráidirí litreacha, Cás píolóta, Cró pinn |
| **Stáiseanóireacht Oifige** | Fáiscíní, Leachtanna agus rollóirí ceartúcháin, Osclóir litreacha, Táib leathanaigh, Pollaire, Rialóir, Siosúr, Stáplóir, Eastarraingteoir stáplaí, Nótaí greamaitheacha, Blu-tack, Rannóir téipe, Scoráin chomhaid |
| **Rudaí Leictreacha** | Cadhnraí, Áireamháin |
| **Clúdaigh litreach** | Clúdaigh chairtchláir, Clúdaigh phacáistíochta, Clúdaigh pháipéir, Clúdaigh uiscedhíonacha |
| **Comhdú agus stóráil** | Boscaí cartlainne, Comhaid bhosca, Comhaid, Fillteáin, Pócaí plaisteacha, Roinnteoirí ábhair |
| **Lipéid** | Lipéid seolta, Lipéid ríomhaireachta, Lipéid do dhioscaí/CDanna/DVDanna, Lipéid fillteáin, Lipéid frainceála, Lipéid meán, Lipéid ilchuspóireacha, Lipéid chlibe |
| **Oiriúintí oifige** | Ciarsúir ghlantacháin, Araidí bruscair |
| **Trealamh oifige (beag)** | Ceanglóirí, Meaisíní lipéadaithe, Lannaitheoirí, Stiallairí, Bearrthóirí |
| **Pacáistíocht** | Cumhdach bolgóideach, Rannóir téipe pacáistíochta, Bosca pacáistíochta, Coirdín, Páipéar beartáin |
| **Páipéar** | Ceap smeach-chairte, Páipéar liostaithe |
| **Páipéar fótachóipeála agus páipéar ilchuspóireach oifige** | Páipéar oifige gearrtha (20 réam ar a mhéad) |
| **Cur i láthair agus taispeáint** | Clúdaigh cheangail/thuairisce, Fáisc-chlár, Fáinní cíorcheangail, Cairteacha seastáin, Tiachóga lannaithe, Cláir fógraí, Ceangláin fháinneacha, Suaitheantais do chuairteoirí, Cláir bhána |
| **Stampaí** | Stampaí saincheaptha, Stampaí dáta, Stampaí sínithe, Ceap dúigh, Stampaí focail |
| **Ábhair scríbhneoireachta** | Pinn aibhsithe, Pinn, Pinn luaidhe, Buan-mharcóirí, Marcóirí don chlár bán |



# Cé hiad na soláthraithe atá i ngach Beart?

| Beart | Ball den Chreat ar Bronnadh na Tús-Chonarthaí Earraí Air |
|---|---|
| 2 | Lyreco Ireland Teo. |
| 3 | Jones Business Systems Teo. |
| 4 | Office Depot Ireland Teo. |
| 5 | Fagan Office Supplies Teo.<br>(Cuibhreannas le Stakelum Office Supplies) |
| 6 | Codex Teo. (An Príomhchonraitheoir)<br>Cuibhreannas le Kelly Office Supplies Teo. |
| 7 | Eciffo Office Teo. (An Príomhchonraitheoir)<br>Cuibhreannas le Spicers Ireland Teo. |

# Cén beart a bhaineann le mo scoilse?

| Beart | Scoileanna de réir Suíomh Geografach |
|---|---|
| 2 | Scoileanna atá suite i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, i Lú, sa Mhí agus i gCill Mhantáin |
| 3 | Scoileanna atá suite i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman |
| 4 | Scoileanna atá suite sa Chlár, i gCorcaigh, i gCiarraí agus i Luimneach |
| 5 | Scoileanna atá suite i Laois, sa Longfort, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí |
| 6 | Scoileanna atá suite i nGaillimh, i Liatroim, i Maigh Eo, i Ros Comáin agus i Sligeach |
| 7 | Scoileanna atá suite sa Chabhán, i dTír Chonaill agus i Muineachán |

Tá na praghsanna comhaontaithe le haghaidh na míreanna ar leith atá conraithe faoi gach Tús-Chonradh Earraí a bronnadh ar leibhéal na mbeart aonair;

- Beidh na praghsanna socraithe go dtí deireadh gach Tús-Chonartha Earraí;
- Tá costais seachadta san áireamh i ngach praghas, ach níl CBL san áireamh;
- Is féidir le cliaint catalóg de na táirgí a bhfuil conradh ann ina leith, mar aon lena bpraghsanna, a fháil ón soláthraí a bhfuil an conradh aige le haghaidh do bhirt i réimse formáidí éagsúla, lena n-áirítear: cóip bhog; cóip chrua agus / nó ríomhchatalóg.
- Ní bheidh aon lascainí breise ar fáil faoi na conarthaí sin.

# Cén chaoi ar féidir le mo scoil rochtain ar an gcreat?

- Téigh chuig an láithreán gréasáin ag www.ogp.gov.ie le cóip den Fhoirm 'Notification to Activate Goods' a íoslódáil (NAGF/ Sceideal E).
- Roimh aon rud a ordú ón Soláthraí Creata cuí le haghaidh do bhirt, ní mór duit an NAGF údaraithe a shíniú agus a chur ar ais chuig an soláthraí conraithe cuí.

# Ríomhairí Deisce agus Glúine do Scoileanna

Tá scoileanna in ann na ríomhairí deisce agus glúine a theastaíonn uathu a ordú ar líne anois go díreach ón dá sholáthraí ainmnithe. Faoi na socruithe sin, ní gá do scoileanna dul i mbun aon phróisis soláthair as a stuaim féin i leith na ngléasanna sin de bharr go ndearnadh amhlaidh thar ceann na scoileanna go léir cheana féin.

## Gnáthríomhairí deisce agus glúine do na scoileanna agus BOOnna go léir ar fáil ó Datapac

| MÚNLA | COMHLACHT/PRAGHSÁIL | BUNTÁISTÍ |
|---|---|---|
| <br>**HP Prodesk 400 G4 SFF** | Datapac<br>**Praghsanna ó 425.91**<br>**(gan CBL a áireamh)** | ✓ Seachadadh laistigh de 10 lá oibre<br>✓ Barántas 3 bliana, lena n áirítear clúdach iomlán do pháirteanna agus d'obair ar an gcéad lá oibre eile<br>✓ Ní gá meastacháin a fháil ná próiseas soláthair a eagrú<br>✓ Uasghráduithe agus seirbhísí eile ar fáil<br>✓ Tá mionsonraí teicniúla le fáil sa treoir d'úsáideoirí, atá le fáil i gcrios na gceannaitheoirí ar **ogp.gov.ie** |
| Windows 10 Pro, Intel Core i3 p, monatóir 21" san áireamh. Ríomhaire Pearsanta Próiseálaí, 8GB RAM, 500GB HDD roghanna uasghrádaithe ar fáil. | | |
| <br>**HP Prodesk 400 G4 SFF** | Datapac<br>**Praghsanna ó 435.66**<br>**(gan CBL a áireamh)** | |
| Windows 10 Pro, próiseálaí Intel Core i3, 8GB RAM, 500GB HDD, scáileán 15.6" san áireamh. Roghanna uasghrádaithe ar fáil do ríomhairí glúine. | | |

**TAIRISCINT IONTACH NACH mBEIDH AR FÁIL ACH AMHÁIN I MÍ MHEÁN FÓMHAIR**

*Ceannaigh aon **5 ghléas** agus gheobhaidh tú clódóir uilechuimsitheach HP 2630 **SAOR IN AISCE**



*Nach mó ná ceann amháin in aghaidh na scoile, ceannacháin i mí Mheán Fómhair 2018 amháin. Aon mheascán de 5 ghléas ar aon sonrasc amháin. Beidh an tairiscint ar fáil go dtí go mbeidh na clódóirí ar fad díolta. Roghanna íocaíochta solúbtha ar fáil ach iad a chomhaontú

***ROGHANNA ÍOCAÍOCHTA SOLÚBTHA AR FÁIL**

(MAR SHAMPLA, LE hÍOC TAR ÉIS DEONTAS ÁIRITHE A FHÁIL, SRL.)

Déan teagmháil linn leis na sonraí teagmhála thíos le tuilleadh eolais a fháil.

**Baile Átha Cliath 01 415 6000**
**schoolsetb@datapac.com | www.itschools.ie**

Datapac

# Ríomhairí Ardsonraíochta Deisce do na Scoileanna agus Boird Oiliúna agus Oideachais go léir

## Celtic R1000 Series PC
## Praghas ó €484.95 (gan CBL a áireamh)

Ar fáil do gach scoil lena cheannach faoi Chreat Ceannaigh arna cheadú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, gan aon riachtanas tairiscintí praghsanna a lorg ó sholáthraithe eile, leis na córais Ríomhaire Phearsanta ardsonraíochta seo faightear an ghlúin is déanaí de chumas próiseála AMD Ryzen agus Windows 10 suiteáilte go proifisiúnta. Ós rud é go dtógtar go sonrach duitse iad, bíonn deis agat aon chomhábhar breise a shonrú, nó dar ndóigh, níos lú comhábhar ag brath ar d'fheidhmchláir ar leith féin - níl le déanamh agat ach a rá linn agus é a fhágáil fúinne.



Celtic Personal Computers

# Ríomhairí Ardsonraíochta Glúine do na Scoileanna agus Boird Oiliúna agus Oideachais go léir



TOSHIBA
Leading Innovation

## Toshiba Satellite Pro A50 Series
## Praghas ó €559.00 (gan CBL a áireamh)

Is cuma cad iad do riachtanais ghnó/oideachais, tá an meascán ceart ag an Satellite Pro A50-C de phróiseálaithe, tiomántáin agus de thaifeach scáileáin chun táirgiúlacht a fheabhsú. Tógadh an Satellite Pro A50 mar ghaireas ar féidir brath air. Sin an chúis go bhfuilimid sásta Ráthaíocht Iontaofachta a thairiscint le gach múnla - gealltanas go bhfaighidh tú aisíocaíocht iomlán nó deisiúchán saor in aisce má theipeann, ar an gcaolseans, ar do ríomhaire glúine. Ciallaíonn sé seo gur cinnte gur lú aon chostas le haga neamhfhónaimh ort, agus go mbeidh táirgiúlacht níos fearr agat dá bharr.

**Faisnéis faoin Táirge**

- Baránta Céad Lá Gnó Eile, ar an Láthair, 3 Bliana, le roghanna an baránta a shíneadh
- Ráthaíocht Ríomhaire In Ionad Celtic / Ráthaíocht Iontaofachta Toshiba
- Áis Tógála Saincheaptha
- Raon Iomlán de bhreiseáin imeallacha
- Táirgí Le Cáilíocht Energy Star

**Faisnéis don Chliant**

- Áis ordúcháin atá furasta don úsáideoir
- Téarmaí solúbtha íocaíochta (arna gcomhaontú)
- Roghanna maidir le lascaine ar bhonn an líon a cheannaítear (arna gcomhaontú)
- Seirbhís seachadta saor in aisce
- Suiteáil, coimisiúnú gréasáin agus seirbhísí cothabhála

**Déan teagmháil le Bainisteoir an Chuntais Oideachais – Jim Byrne**
**jim.byrne@pcp.ie / www.pcp.ie/etbs-schools.html / 01291 7900**
**le haghaidh breis sonraí ar rud ar bith thuas.**

p.c. peripherals

# Gairis Apple a Fhoinsiú

Tá socrú maidir le híostarraingt bunaithe ag HEAnet le 3 soláthraí thar 5 Bheart do ghairis Apple móide roinnt seirbhísí tacaíochta gaolmhara ar féidir le scoileanna a úsáid.

| Uimhir an Bhirt | Soláthraí | Táirgí | Forlíontáin Roghnacha |
|---|---|---|---|
| 1 | Iconnect/ Screenway | Ipad<br>Ipad Mini | Roghanna sonraíochtaí agus oiriúintí |
| 2 | Typetec/ Wriggle | Ipad Pro 12.9”<br>Ipad Pro 10.5” | Roghanna sonraíochtaí agus oiriúintí |
| 3 | Compu B | MacBook<br>MacBook Air<br>MacBook Pro 13”<br>MacBook Pro 15”<br>IMac 21.5”<br>IMac 27”<br>MacMini<br>MacPro | Roghanna sonraíochtaí agus oiriúintí<br>Roghanna tacaíochtaí agus seirbhísí, bainistiú gairis san áiream |
| 4 | Compu B | MacBook<br>MacBook Air<br>MacBook Pro 13”<br>MacBook Pro 15”<br>IMac 21.5”<br>IMac 27”<br>MacMini<br>MacPro<br>Ipad Pro 12.9”<br>Ipad Pro 10.5”<br>Ipad<br>Ipad Mini | Roghanna sonraíochtaí agus oiriúintí<br>Roghanna tacaíochtaí agus seirbhísí, bainistiú gairis san áireamh |
| 5 | Typetec/ Wriggle | MacBook<br>MacBook Air<br>MacBook Pro 13”<br>MacBook Pro 15”<br>IMac 21.5”<br>IMac 27”<br>MacMini<br>MacPro<br>Ipad Pro 12.9”<br>Ipad Pro 10.5”<br>Ipad<br>Ipad Mini | Roghanna sonraíochtaí agus oiriúintí<br>Roghanna tacaíochtaí agus seirbhísí, bainistiú gairis san áireamh |

Moltar do scoileanna ríomhphost a chur go dtí seoladh ríomhphoist brokerage@heanet.ie HEAnet ag iarraidh nochtadh iomlán ar na roghanna atá ar fáil, agus eiseoidh siad freagra ina mbeidh mionsonraí uile an bhirt. Ina dhiaidh sin, seoltar an scoil go dtí an mhaitrís lascaine agus tar éis dóibh na roghanna a mheas agus an ceann is fearr a oireann dá riachtanais a phiocadh, féadfaidh siad ansin ríomhphost a chur go dtí a rogha soláthraí.



# Earraí agus seirbhísí ar fáil le hÍostarraingt Dhíreach ó Bhainistíocht Saoráidí

-Fuaraitheoirí Uisce
-Trealamh Éadrom Lónadóireachta
-Stialladh
-Sláintíocht agus Sláinteachas

Is féidir earraí agus seirbhísí ar fáil le hÍostarraingt Dhíreach a rochtain ó chreata na hOifige um Sholáthar Rialtais gan aon ghá le breis iomaíochta


ogp.gov.ie

Oifig um Sholáthar Rialtais
Office of Government Procurement

# Fuaraitheoirí Uisce

Cuimsíonn an creat an raon seo a leanas d’Fhuaraitheoirí Uisce:

- Cothabháil fuaraitheoirí uisce (fuaraitheoirí pointe úsáide san áireamh)
- Fuaraitheoirí pointe úsáide (ó phríomhlíne) a cheannach nó ar cíos
- Fuaraitheoirí buidéal uisce a thugtar ar iasacht saor in aisce
- Buidéil uisce 18.9 lítear agus 11 lítear gan aon táillí taisce
- Cupáin uisce



## Príomhbhuntáistí

- Níl aon ordú íosta i gceist
- Caighdeáin íosta don trealamh maidir lena sholáthar, a shuiteáil, a chothabháil agus scagachán
- Racaí buidéil ar iasacht saor in aisce
- Táillí taisce ar bith
- Aon earraí lochtacha tógtar iad agus cuirtear cinn nua ina n-áit
- Soláthraítear dáileoirí comhtháite cupán agus tráidire silte ar féidir é a chur sa mhiasniteoir

Má tá sonraí breise uait agus má theastaíonn uait soláthraí a aimsiú i do cheantar Cliceáil Anseo

---

# Trealamh Éadrom Lónadóireachta

Cuimsíonn an creat an méid seo a leanas:

- Trealamh éadrom lónadóireachta agus uirlisí cistine
- Gréithe fáilteachais: gréithe/sceanra/gréithe gloine



## Príomhbhuntáistí

- Níl aon ordú íosta i gceist
- Comhaontú maidir le hamanna seachadta agus suiteála
- Próiseas maidir le gearáin ó chustaiméirí agus bearta réitithe
- Baintear earraí lochtacha agus déantar socruithe earraí nua a chur ina n-áit nó creidmheas a thabhairt don chustaiméir mar a threoraítear


Má tá sonraí breise uait agus má theastaíonn uait soláthraí a aimsiú i do cheantar Cliceáil Anseo

# Stialladh

Cuimsíonn an creat na seirbhísí seo a leanas, ar an láthair agus lasmuigh den láthair ag brath ar na riachtanais agat:

Bailiú, iompar, scrios, athchúrsáil, agus léirscrios:

- Fístéipeanna agus clostéipeanna, dlúthdhioscaí agus méaróga USB
- Earraí páipéir
- Éadaí branda agus éide scoile
- Cártaí aitheantais
- Cártaí SIM agus fóin phóca
- Tiomántáin chrua agus táibléid mhóibíleacha



**Ní chuimsítear faoin gcreat seo:**
X-ghathanna, páipéir scrúduithe stáit agus earraí gaolmhara a scriosadh.

## Príomhbhuntáistí

- Treoir maidir le leibhéil chuí stiallta
- Sceidil seirbhíse agus seachadta comhaontaithe
- Scriosadh ar an láthair agus lasmuigh den láthair
- Ábhair a iompar agus a dhiúscairt i gcomhréir le dea-chleachtas

Má tá sonraí breise uait agus má theastaíonn uait soláthraí a aimsiú i do cheantar Cliceáil Anseo

---

# Sláintíocht agus Sláinteachas

Cuimsíonn an creat na hearraí seo a leanas:

- Úraitheoirí aeir feistithe don bhalla, cothabháil rialta san áireamh
- Araidí sláintíochta agus dramhaíl sláintíochta a dhiúscairt
- Araidí clúidíní agus dramhaíl clúidíní a dhiúscairt
- Dáileoirí táirgí sláintíochta, cothabháil rialta san áireamh



## Príomhbhuntáistí


- Dhá sholáthraí speisialaithe réamhroghnaithe
- Cinnteacht maidir le praghsanna
- Níl aon ordú íosta i gceist
- Comhaontú maidir le hamanna seachadta agus cothabhála

Má tá sonraí breise uait agus má theastaíonn uait soláthraí a aimsiú i do cheantar Cliceáil Anseo

# Na hEarraí agus Seirbhísí seo a Rochtain

Oifig um Sholáthar Rialtais
Office of Government Procurement

## Treoirleabhar




### Céim 1

Logáil isteach ar ogp.gov.ie le haghaidh breis sonraí faoi na socruithe seo

### Céim 2

Líon an fhoirm a tugadh le gach socrú chun tosú ar na hearraí agus seirbhísí a úsáid


### Céim 3

Cuir an fhoirm chomhlánaithe isteach go díreach go dtí an soláthraí mar a threoraítear ar an bhfoirm

## Na Buntáistí a ghabhann le híostarraingt Dhíreach

-Is furasta clárú (foirmeacha ar fáil ag ogp.gov.ie)
-Laghdaítear ar an am agus ar an gcostas a ghabhann le soláthar
-Caighdeáin chomhaontaithe maidir le caighdeán agus seirbhís
-Réitigh atá comhlíontach agus a thugann luach ar airgead

Tá breis eolais, conas na creata a úsáid san áireamh, ar fáil ag ogp.gov.ie, nó déan teagmháil lenár ndeasc chabhrach support@ogp.gov.ie




Tá ár dtreoir 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair' le fáil lena híoslódáil i nGaeilge nó i mBéarla ó – **https://www.spu.ie/procurement-guide/**

## Seaneagráin den Nuachtlitir

Tá seaneagráin de Nuachtlitir an Aonaid le fáil i nGaeilge agus i mBéarla anois ar ár láithreán gréasáin ag:
**https://www.spu.ie/procurement-newsletters/**




# An Teistiméireacht is Déanaí

**Rinne mé teagmháil leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna le linn shaoire an tsamhraidh maidir le r-thairiscint do sheomra innealtóireachta ár scoile a éascú. Ó thús deireadh bhí an chumarsáid soiléir, beacht agus tráthúil chun gach ball a threorú tríd an bpróiseas. Ba chuma an cheist, cibé mór nó beag í, déileáladh go proifisiúnta agus go tapa léi, rud a bhí an-tábhachtach dúinne. Molaim go mór an ról a d'imir An tAonad um Sholáthar do Scoileanna sa phróiseas seo agus táimid an-bhuíoch díobh, Fiona Coy go háirithe.**

- Meánscoil ag Foghlaim le Chéile Pháirc Hans, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath

**Molaim an tAonad um Sholáthar do Scoileanna go hard na spéire. Rinne siad an obair ar fad ó thaobh doiciméid tairisceana do na Seirbhísí Lónadóireachta a ullmhú, agus ansin thug siad comhairle agus treoir i leith na dtairiscintí a fuaireamar.**

- Scoil Mhuire, Baile Átha Troim, Co. na Mí

Féach ár sonraí teagmhála thíos má bhíonn ceisteanna ginearálta, aiseolas sonrach nó moladh agat maidir le cén chaoi a bhfeadfaimis ár seirbhís do do scoil nó d'earnáil na scoileanna go ginearálta a fheabhsú.


**An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,**
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB), Teach Emmet,
Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

**T:** 01 203 5899 **F:** 01 269 5461
**G:** www.spu.ie **R:** procurementsupport@spu.ie


LEAN MUID
@SPUireland

NABMSE National Association of Boards of Management in Special Education | Educate Together | ACCS Association of Community and Comprehensive Schools | JMB AMCSS SECRETARIAT | Catholic Primary Schools Management Association | An Foras Pátrúnachta | Church of Ireland Board of Education